Nóta faisnéise do Phríomhoidí Scoile
Soláthar Iompair Scoile do scoláirí as an Úcráin. – Scoilbhliain 2023/2024.
Meitheamh 2023

Scoilbhliain 2023/ 2024 – iarratais na hÚcráine

Chun na hiarratais reatha do dhaltaí a bhaineann leas as iompar scoile a thabhairt ar aghaidh, is gá do Bhus Éireann na tairseacha go léir a dhúnadh ionas go bhféadfaidh siad iarratais a mheas, incháilitheacht a chinneadh agus iompar a shocrú a luaithe agus is féidir do scoilbhliain 2023/24.

Fanfaidh tairseach phríomhshrutha Bhus Éireann dúnta go dtí an 30 Meitheamh 2023. Ní chuirfidh sé sin isteach ar leathanach iarratais na hÚcráine a mbaineann comhordaitheoirí REALT úsáid as chun a gcuid iarratas a chur isteach agus trína ndéanann teaghlaigh iarratais go díreach. Tá an chéad 'tabhairt ar aghaidh' i dtaca le hiompar do scoláirí as an Úcráin tugtha chun críche anois. Tá nuashonrú déanta ar an suíomh gréasáin gov.ie/Ukraine chun eolas a thabhairt do theaghlaigh agus tá nóta curtha chuig comhordaitheoirí REALT freisin.

Próiseas Nua do chomhordaitheoirí REALT a bhfuil iarratais ar Iompar Scoile á bpróiseáil acu

Tá Bus Éireann ag obair ar chóras nua iarratais do chomhordaitheoirí REALT. Ní chuirfidh an próiseas nua isteach ar an mbealach a gcuireann scoileanna an t-eolas ar aghaidh chuig comhordaitheoirí REALT do scoláirí atá ina gcónaí in ionaid lóistín. Féadfar an scarbhileog atá ceangailte leis seo a úsáid chun comhordaitheoirí REALT a chur ar an eolas faoi dhaltaí nua atá ar an rolla i do scoilse agus a bhfuil iompar scoile de dhíth orthu.

Féadfaidh teaghlaigh atá ina gcónaí go neamhspleách/le hóst-teaghlaigh/i lóistín geallta an próiseas atá ann faoi láthair ar gov.ie/Ukaine a úsáid chun iarratais a chur isteach do scoilbhliain 2023/24.

Measfar gur iarratais do scoilbhliain 23/24 na hiarratais go léir atá próiseáilte anois.

Daltaí nach bhfuil iompar scoile de dhíth orthu a thuilleadh

Más mian le scoil a chur in iúl gur fhág dalta an scoil nó gur aistrigh sé/sí chuig seoladh eile agus nach bhfuil iompar de dhíth air/uirthi a thuilleadh, bheimis buíoch ach an t-eolas sin a chur ar aghaidh, ionas gur féidir é a chur in iúl do Bhus Éireann, agus déanfaidh siadsan suíocháin a athshannadh ar an tseirbhís. Má fhaigheann tú an t-eolas seo, déan teagmháil, le do thoil, le do chomhordaitheoir REALT áitiúil, nó mar

mhalairt air sin, seol ríomhphost chuig transportapplications@education.gov.ie agus tabhair ainm an dalta, uimhir rolla na scoile, ainm agus seoladh na scoile agus seolfaimid na sonraí ar aghaidh chuig Bus Éireann.